V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11119 — GCA / STELLANTIS / ALD / LEASEPLAN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 215/04)

1. An 9 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Crédit Agricole Consumer Finance ('CACF', an Fhrainc), faoi rialú Crédit Agricole S.A. ('GCA', an Fhrainc),

— Stellantis N.V. ('Stellantis', an Ísiltír),

— Merrion Fleet Management Limited ('ALD Ireland'), faoi rialú ALD S.A. ('ALD', an Fhrainc),

— ALD Automotive AS ('ALD Norway'), faoi rialú ALD,

— SGALD Automotive — Sociedade Geral de Comercio e Aluguer de Bens, S.A. ('ALD Portugal'), faoi rialú ALD,

— LeasePlan Çeská republika s.r.o. ('LP Czechia'), faoi rialú LP Group BV ('LeasePlan', an Ísiltír),

— LeasePlan Finland Oy ('LP Finland'), faoi rialú LeasePlan,

— LeasePlan Luxembourg S.A. ('LP Luxembourg'), faoi rialú LeasePlan.

Gheobhaidh CACF rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ALD Ireland, ALD Norway, LP Czechia agus LP Finland ina n-iomláine.

Gheobhaidh CACF agus Stellantis rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar ALD Portugal agus LP Luxembourg ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá CACF gníomhach san earnáil airgeadais tomhaltóirí. Tá sé faoi rialú GCA, atá gníomhach in earnáil na baincéireachta agus na seirbhísí a bhaineann le hárachas, lena n-áirítear bailiú sócmhainní, baincéireacht mhiondíola, sainseirbhísí airgeadais agus custaiméirí móra,

— Tá Stellantis gníomhach i ndearadh, innealtóireacht, monarú, dáileadh agus díol mótarfheithiclí, a gcomhpháirteanna, agus a gcóras táirgthe,

— Tá gach ceann de ALD Ireland, ALD Norway, ALD Portugal, LP Czechia, LP Finland agus LP Luxembourg gníomhach i seirbhísí léasaithe oibríochtúla agus bainistithe flít.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11119 — GCA / STELLANTIS / ALD / LEASEPLAN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË